



Ciorclán 0094/2006

**Do: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna Uile  
Údaráis Bhainistíochta na Meánscoileanna, Scoileanna Pobail agus  
Scoileanna Cuimsitheacha  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin gach Coiste Gairmoideachais**

**Socruithe nua do sheiceáil foirne múinteoireachta agus foirne  
nach múinteoirí iad**

**1. Réamhrá**

Is mian leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta, Máire Ní Ainiféin, T.D. a chur ar a súile do na húdaráis insna mbunscoileanna agus na hiarbhunscoileanna uile, in Ionaid Oiliúna Ógtheagmhála, in Ionaid Oiliúna faoin Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais, agus in Ionaid Oiliúna don Oideachas Sóisearach nó don Lucht Siúil go bhfuil socruithe fairsingithe curtha ar bun do sheiceáil daoine a mbíonn rochtain neamh-fheighlithe acu do pháistí agus aosaigh leochaileacha, socruithe a tháinig as na moltaí a rinne an Coiste Eadar-Rannach ar Sheiceáil Gardaí.

1.2 Tá nósanna imeartha seiceála curtha ar bun cheana féin do chúntóirí riachtanas speisialta agus do thionlacóirí bus. Tá na nósanna imeartha do sheiceáil foirne dá leithéid dá n-aithbhreithniú agus tá na socruithe nua leagtha amach thíos. Ina theannta sin, tá seiceáil á tabhairt isteach don scoilbhliain 2006/07 do mhúinteoirí nua agus do dhaoine eile a cheaptar don chéad uair a mbeidh rochtain neamh-fheighlithe acu do pháistí agus aosaigh leochaileacha. Leathnófar do dhaoine eile é ar ball.

**2. Socruithe maidir le seiceáil don scoilbhliain 2006/07**

2.1 Tá sé socraithe ag an Roinn, tar éis di dul i gcomhairle leis an Láraonad Réamhscrúdaithe na nGardaí (an tAonad), go dtabharfar tosaíocht i bhfairsingiú seirbhísí seiceála an Aonaid do sheiceáil múinteoirí agus foirne cúntaí atá le fostú i scoileanna. Mar chéim tosaigh, beidh an tseiceáil i bhfeidhm do gach ball nua foirne a earcófar le feidhm ó 1<sup>ú</sup> Meán Fómhair, 2006 nó ina dhiaidh sin.

2.2 Is é atá i gceist le foireann nua ná foireann den saghas a luaitear thuas nár fostaíodh i mbunscoil nó iarbhunscoil aitheanta, ná in Ionad Oiliúna Ógtheagmhála, in Ionad Oiliúna faoin Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais, ná in Ionaid Oiliúna don Oideachas Sóisearach nó don Lucht Siúil, sa Stát seo ag am ar bith ó 1<sup>ú</sup> Meán Fómhair, 2003 i leith. Áit a raibh duine fostaite i scoil nó ionad a liostáiltear thuas san am a chuaigh thart, ach nár fostaíodh an duine sin le trí bliana anuas, ní foláir é/í a sheiceáil.

2.3 Is ar na húdaráis scoile lena mbaineann (Bord Bainistíochta nó Coiste Gairmoideachais de réir mar is cuí) atá sé de chúram deimhin a dhéanamh de go seiceáltar duine ar bith

atáthar chun a cheapadh agus a bhfuil, nó gur féidir go mbeadh, rochtain neamh-fheighlithe aige/aici do pháistí agus aosaigh leochaileacha.

Ba chóir, áfach, do údarais scoile a dheimhniú nach n-éilítear an tseiceáil ach i leith duine a bhfuil sé ar intinn acu fostaíocht a thairiscint dó/di. Ní cóir iarratais a lorg go dtí go ndéantar cinneadh ar fhostaíocht a thairiscint. Ní cóir iarratais a chur isteach i dtaca le múinteoirí nua-cháilithe a ndéileálar leo sa bpróiseas atá leagtha amach in Alt 3.1 thíos.

2.4 Eiseoidh an Láraonad Réamhscrúdaithe na nGardaí an fhoirm iarratais cuí, maraon le treoirlínte maidir lena chomhlánú, go díreach chuig Sínitheoirí Údaraithe cláraithe ach í a iarraidh. Ní foláir don fhostaí atáthar chun a cheapadh toiliú leis an tseiceáil. Duine ar bith nach dtoilíonn leis an tseiceáil, ní cheadaítear é/í a cheapadh i gcáilíocht ar bith.

### **3. Próiseas Iarratais**

#### **3.1 Múinteoirí Nua**

Mar chuid den phróiseas cláraithe do mhúinteoirí nua don chéad uair, tá an Chomhairle Múinteoireachta tar éis a aontú go gcuirfidh siad iarratais seiceála i dtaca le múinteoirí dá leithéid faoi bhráid an Aonaid. Tabharfaidh sí aird ar thorthaí na seiceála seo agus í ag déanamh cinnidh maidir le clárú. Fágfaidh sé seo nach mbeidh gá ann go n-iarraidh na scoileanna fhéin ar an Aonad múinteoirí nua-cháilithe dá leithéid a sheiceáil.

Táthar ag súil nach ndéanfar múinteoirí a chlárú go foirmeálta roimh tús na scoilbhliana 2006/07. Tosnófar próiseas na seiceála, áfach, níos luaithe ná sin agus eiseoidh an Chomhairle Múinteoireachta litir do mhúinteoirí aonarach ag tabhairt le fios dóibh toradh na seiceála ina leith fhéin. Ba cheart do scoileanna deimhin a dhéanamh de go n-iarrair siad ar fhostaí ionchasach an litir ón gComhairle a chur faoi bhráid **sula** chinntear ar cheapachán a dhéanamh nó ar thairiscint cheapaithe a dhéanamh go foirmeálta.

#### **3.2 Foireann nach múinteoirí iad**

I gcás foirne nach múinteoirí iad, ba cheart don Sínitheoir Údaraithe na hiarratais a chur faoi bhráid (féach Alt 4).

I gcás scoileanna atá faoi phátrúnacht Chaitliceach tá sé curtha in iúl ag Oifigí Deoiseacha áirithe go gcomhordóidh siad iarratais seiceála atá dá gcur faoi bhráid ag Sínitheoirí Údaraithe. Dá réir sin, ba cheart do na húdarais scoile sin dul i dteagmháil le Lár-Oifig Chumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha agus leis an Oifig Dheoiseach lena mbaineann maidir leis an nós imeartha ba cheart a chleachtadh i dtaca le cur faoi bhráid iarratas seiceála.

Tá sé aontaithe ag Bord Oideachais Eaglais na hÉireann go gcomhordóidh sé iarratais seiceála do na scoileanna a ionadaíonn sé. Dá réir sin, ba cheart don Sínitheoir Údaraithe gach iarratas ó na scoileanna seo a chur ar aghaidh chuig an mBord Oideachais le go gcuire a oifigeach ainmnithe siúd ar aghaidh chuig an Aonad iad.

Seachas sin, ba cheart do Shínitheoirí Údaraithe iarratais seiceála a chur faoi bhráid an Aonaid. Táthar ag cur deiridh leis an nós atá ann faoi láthair iarratais seiceála i dtaca le cúntóirí riachtanas speisialta agus tionlacóirí bus a sheoladh trí mheán na Roinne.

#### **3.3 Is é an seoladh atá ag an Láraonad Réamhscrúdaithe na nGardaí (an tAonad) ná:- **Bóthar an Ráschúrsa, Durlas Éile, Co Thiobraid Árinn.****

### **4. Sínitheoirí údaraithe**

4.1 Caithfidh gach Bord Bainistíochta nó Coiste Gairmoideachais, de réir mar is cuí, duine amháin a ainmniú mar Shínitheoir Údaraithe. Éileofar síniú an duine sin chun iarratas ón scoil nó ón gCoiste Gairmoideachais a fhíordheimhniú.

## **5. Iarratais a chur faoi bhráid go tráthúil**

5.1 Chun a bheith in ann tairiscint chinntitheach a dhéanamh do fhostaí ionchasach i dtaca le post atá le líonadh ó 1<sup>ú</sup> Meán Fómhair, 2006 i leith, ba cheart do údaráis scoile a dheimhniú go mbíonn an próiseas seiceála comhlánaithe go sásúil in am.

Muna mbíonn an próiseas comhlánaithe go sásúil roimh 1<sup>ú</sup> Meán Fómhair, 2006, nó ar dháta feidhmeach an cheapacháin más déanaí ná sin é, ní féidir an post a thairiscint ach ar bhonn sealadach. Ba cheart é seo a chur in iúl don fhostaí ionchasach go foirmeálta agus ba cheart dó/dí a dheimhniú go nglacann sé/sí leis an gcoinníoll seo.

Más rud é go measann údaráis na scoile, tar éis dóibh toradh an iarratas seiceála a fháil, nach bhfuil an duine i gceist oiriúnach le ceapadh, ba cheart deireadh a chur leis an gceapachán sealadach.

## **6. Boird bhainistíochta a oiliúint**

6.1 Is mian leis an Aonad a dheimhniú go n-oibríonn an córas seiceála chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir. Chuige seo, tá an tAonad ag eagrú seisiún oiliúna do dhaoine atá gafa le hoibriú an chórais. Tá oiliúint dá thabhairt do dhaoine a ainmnigh na Comhlachtaí Bainistíochta agus eagróidh siadsan an oiliúint is gá do dhaoine a ainmnigh na scoileanna agus na hionaid.

## **7. Toradh iarratas seiceála a eisiúint**

7.1 Mar fhreagra ar gach iarratas, eiseoidh an tAonad ráiteas go díreach chuig an gComhairle Múinteoireachta, chuig Bord Oideachais Eaglais na hÉireann nó chuig an Sínitheoir Údaraithe, de réir mar is cuí, ina leagfar amach toradh an chuardaigh ar chiontaithe coiriúla a rinneadh ina gcuid taifead. Nochtfar gach ciontú mar chuid den phróiseas seo.

## **8. Fiafraithe maidir le seiceáil**

8.1 Ba cheart fiafraithe maidir le seiceáil a dhéanamh den údarás bainistíochta cuí i dtosach. I gcás scoileanna a ionadaíonn Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha ba cheart fiafraithe a dhéanamh den Oifig Dheoiseach sa dheoise a bhaineann.

## **9. Cinneadh atá bunaithe ar thoradh iarratais**

9.1 Is ag an mBord Bainistíochta atá sé de cheart a chinneadh an amhlaidh go mbeadh fostaí ionchasach mí-oiriúnach do fhostú sa scoil de bharr ciontaithe a nochtadh mar thoradh ar an iarratas seiceála. Is ag an mBord Bainistíochta atá sé de cheart breith a thabhairt maidir le oiriúnacht duine.

9.2 Níor cheart go gcuirfí an tseiceáil in ionad gnáthnósanna earcaíochta, de leithéid tagairtí a lorg agus a fháil agus a dheimhniú go bhfuil míniú sásúil tugtha ar bhearnaí ar bith i bhfostaíocht an duine. Tá nósanna imeartha cuí ina chomhchuid riachtanach den chleachtas cosaint leanaí. Úsáidtear an tseiceáil chun cur leis na nósanna imeartha seo.

***De bharr an tábhacht a bhaineann le cosaint leanaí, ba cheart do údaráis scoile cuimhneamh ar a bhfreagrachtaí i dtaca leis seo nuair a iarrtar orthu tagairt a chur ar fáil i dtaca le duine aonarach.***

9.3 Ní hionann i gcónaí a rá go bhfuil ciontú ag duine agus a rá nach duine oiriúnach é nó í le bheith ag obair le, nó ag rochtain ar, leanaí nó aosaigh leochaileacha. Ba cheart oiriúnacht an duine a bhreithniú ina iomláine i bhfianaise an eolais go léir atá ar fáil, ag cur san áireamh ábharthacht nádúr an chiontaithe i gcomhthéacs cosaint leanaí.

## **10. Scaipeadh an Chiorcláin**

10.1 Cuir cóip den chiorclán seo ar fáil le do thoil do ionadaithe cuí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí chun go gcuirtear ar aghaidh go tuismitheoirí agus múinteoirí aonaracha iad.

Is féidir an chiorclán seo a rochtain ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ag [www.education.ie](http://www.education.ie)

Seán ó Breacáin  
Príomhoifigeach  
Meitheamh, 2006.